C/2024/4202

28.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11590 — CVC / HEMPEL INVEST / HEMPEL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4202)

1. An 21 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners plc ('CVC', Geirsí),

— Hempel Invest A/S ('Hempel Invest', an Danmhairg), faoi rialú Hempel Fonden (an Danmhairg),

— Hempel A/S ('Hempel', an Danmhairg), faoi rialú aonair Hempel Invest faoi láthair.

Gheobhaidh CVC agus Hempel Invest rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Hempel.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir infheistíochta malartaí domhanda é CVC atá dírithe ar chothromas príobháideach, ar chreidmheas agus ar iasachtaí. Tá leasanna ag na cistí arna gcomhairle agus arna mbainistiú ag CVC i roinnt cuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear i seirbhísí airgeadais, ceimiceáin, fóntais, monaraíocht, miondíol agus dáileadh, san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise,

— Is fochuideachta é Hempel Invest den fhondúireacht daonchairdiúil Hempel Fonden agus is máthairchuideachta Hempel é.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Hempel péinteanna agus tuaslagáin bhrataithe a fhorbairt, a mhonarú agus a dhíol, a úsáidtear go háirithe chun críocha maisiúla, mara, tionsclaíocha, fuinnimh agus bonneagair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

M.11590 — CVC / HEMPEL INVEST / HEMPEL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË